**Comhairle Contae Fhine Gall**

Fingal County Council




# Dréacht-Straitéis um Iompraíocht Fhrithshóisialta

## 2010

# Innéacs


| | | |
|---|---|---|
| RANNÓG 1 | Réamhrá | Lch 2 |
| RANNÓG 2 | Cúlra Reachtúil | Lgh 3-4 |
| RANNÓG 3 | Sainmhíniú ar Iompraíocht Fhrithshóisialta | Lch 5 |
| RANNÓG 4 | Bearta do chosc & laghdú na hIompraíochta Frithshóisialta | Lgh 6-7 |
| RANNÓG 5 | Polasaí & Gnáthaimh chun gearán a dhéanamh faoi Iompraíocht Fhrithshóisialta | Lgh 8-9 |
| RANNÓG 6 | Polasaí an chomhoibrithe le comhlachtaí reachtúla – Cur chuige idirghníomhaireachta | Lgh 10-11 |
| RANNÓG 7 | Comhordú na seirbhísí laistigh den Údarás Áitiúil | Lch 11 |
| RANNÓG 8 | Bainistiú Maith Eastáit a Chur Chun Cinn | Lch 12 |

# Rannóg 1

# Réamhrá

Déanann Comhairle Contae Fhine Gall bainistiú ar 4464 áitreabh ar an iomlán atá suite in eastáit tithíochta ar fud an Chontae. Tá sé de dhualgas ar an gComhairle bainistiú agus rialú a dhéanamh ar na háitribh a ligtear ar cíos faoi Achtanna na dTithe.

Déanfaimid tréaniarracht, de réir na gcumhachtaí againn faoin reachtaíocht reatha, raon fadhbanna a réiteach ar fadhbanna iad a eascraíonn ó iompraíocht fhrithshóisialta. Déanfaimid seo i bhfianaise go mbíonn tionchar dochrach aige ar cháilíocht an tsaoil i bpobail ina dtarlaíonn sé.

Gné shuntasach sa phobal i gcoitinne le tamall beag anuas is ea an iompraíocht fhrithshóisialta agus ní aon eisceacht iad na heastáit de chuid an údaráis áitiúil. Cibé scéal é, tá an droch-iompraíocht seo ag tarlú freisin in eastáit phríobháideacha agus tá sé ag tarlú i limistéir uirbeacha agus thuaithe araon. Ní miste a lua go bhfuil roinnt catagóirí den iompraíocht fhrithshóisialta ann maille le leibhéil éagsúla tromchúiseachta de sna catagóirí sin. An taithí atá againn, faraor, ná i níos mó is níos mé de chásanna, gur iompraíocht fhrithshóisialta chomh tromchúiseach atá i gceist gur ceist do na Gardaí í. I roinnt cásanna ní iomchuí dúinne, mar Údarás Áitiúil é, feidhmiú thar ár n-inniúlacht, go háirithe i gcásanna ina bhfuil iompraíocht fhoréigneach nó choiriúil i gceist.

Bíonn dlúthchaidreamh ag Comhairle Contae Fhine Gall leis na Gardaí, agus le FSS agus le comhlachtaí reachtúla agus neamhreachtúla eile agus an Chomhairle ar a dícheall réiteach a fháil ar easpa comhréiteachta nó fadhbanna in eastáit, bídís sin ar bhonn indibhidiúil nó ar bhonn teaghlaigh.

Ní miste a luas freisin, i roinnt mhaith cásanna, seans gur ball den teaghlach agus ní an príomhthionónta is cúis leis an iompraíocht fhrithshóisialta. I ngach cás, is ar an tionónta atá an fhreagracht cosc a chur leis an iompraíocht fhrithshóisialta agus é a stad.

Mar údarás áitiúil déanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall a dícheall déileáil le hiompraíocht fhrithshóisialta. Déanfaimid seo ag baint úsáide as raon na gcumhachtaí atá ar fáil dúinn. Impímid ar na daoine atá thíos le hiompraíocht fhrithshóisialta dul i dteagmháil linn chun tuilleadh eolais agus treorach a fháil.

# Rannóg 2

# Cúlra Reachtúil

Déanann Comhairle Contae Fhine Gall bainistiú ar a eastáit de réir a tarmligin agus a cumhachtaí faoi Achtanna na dTithe, go háirithe Acht na dTithe 1966 agus Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 1997, arna leasú

Tá an Straitéis Iompraíochta Frithshóisialta á hullmhú de réir Chaibidil 5 (Alt 35) d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009.

Is é croíchuspóir na straitéise seo ná bearta a leagan amach do chosc agus laghdú na hiompraíochta frithshóisialta i stoc tithíochta an údaráis áitiúil. Ar na príomhchuspóirí is gá a áireamh sa straitéis fhrithshóisialta tá siad seo a leanas:

"(a) iompar frithshóisialta a chosc agus a laghdú;
(b) seirbhísí laistigh den údarás tithíochta a chomhordú, ar seirbhísí iad atá dírithe ar dhul i ngleic le hiompar frithshóisialta nó ar iompar frithshóisialta a chosc nó a laghdú;
(c) comhoibriú le daoine eile, lena n-áirítear an Garda Síochána, a chur chun cinn le linn a bhfeidhmeanna faoi seach a chomhlíonadh a mhéid a bhaineann na feidhmeanna sin le dul i ngleic le hiompar frithshóisialta nó le hiompar frithshóisialta a chosc nó a laghdú, ag féachaint don ghá atá ann dúblú gníomhaíochtaí a sheachaint ar thaobh an údaráis tithíochta agus na ndaoine eile sin le linn na feidhmeanna sin a chomhlíonadh, agus láithreáin (de réir bhrí alt 1 d'Acht 1997).
(d) dea-bhainistíocht eastát a chur chun cinn"

Éilítear ar údaráis tithíochta freisin a shonrú sa straitéis an bealach a bhfuil sé i gceist acu a bpríomhchuspóirí a bhaint amach, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

"(a) nósanna imeachta i ndáil le gearáin a dhéanamh chun an údaráis tithíochta maidir le hiompar frithshóisialta;
(b) tionscnaimh chun iompar frithshóisialta a chosc agus a laghdú
(c) oideachas a sholáthar agus taighde a dhéanamh maidir le hiompar frithshóisialta agus maidir lena chosc agus lena laghdú.

Éilítear ar údaráis athbhreithniú agus leasú a dhéanamh ar a straitéis iompraíochta frithshóisialta, nó straitéis nua a dhréachtú agus a ghlacadh, ar a laghad 6 mhí roimh éagadh an Phlean Seirbhísí Tithíochta. De réir Alt 14 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheachta), 2009 "Déanfaidh gach údarás tithíochta plean (dá ngairtear "plean seirbhísí tithíochta" san Acht seo) ina leagfar amach na cuspóirí is dóigh leis an údarás tithíochta a bheith réasúnach agus riachtanach chun seirbhísí tithíochta a sholáthar ag féachaint do cheanglais na straitéise nó do straitéisí tithíochta a bhaineann le tacaíochtaí tithíochta dá limistéar riaracháin."

Cuimseoidh pleananna seirbhísí tithíochta tréimhse phlean forbartha an údaráis áitiúil (6 bliana). Mar sin, éilítear an údaráis tithíochta athbhreithniú a dhéanamh ar an straitéis fhrithshóisialta ar laghad gach 5-6 bliana.

Féadfaidh údarás leasú a dhéanamh ar an straitéis ag aon tráth i gcás go measann sé sin a bheith iomchuí.

**Tá sé de pholasaí ag an gComhairle athbhreithniú a dhéanamh ar a straitéis fhrithshóisialta gach dara bliain.**

De réir Alt 35(6) d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 **"feidhm fhorchoimeádta í straitéis maidir le hiompar frithshóisialta a tharraingt suas agus a ghlacadh, agus í a leasú."**

De réir Alt 35(7) d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 **"Ní ghlacfar le tarraingt suas agus glacadh, agus le leasú, straitéise maidir le hiompar frithshóisialta mar ní a thugann ceart faoin dlí d'aon duine, ar ceart é nach mbeadh ag an duine thairis sin, chun a cheangal ar údarás tithíochta i gcás áirithe aon fheidhm arna tabhairt dó faoi Acht 1997 nó faoin Acht seo a fheidhmiú nó chun damáistí a lorg i leith mainneachtana ag údarás tithíochta aon fheidhm den sórt sin a fheidhmiú."**

Beidh feidhm ag an straitéis i leith gach coda dá fheidhm riaracháin ina bhfuil siad seo a leanas ag an údarás:

- áitribh ar cíos faoi Achtanna na dTithe 1966 go 2009;
- áitribh atá faoi réir chomhaontuithe tionóntachta Chaibidil 4 [RAS].*
- áitribh ina bhfuil ceannaitheoirí iomchuí ina gcónaí*2
- Láithreáin don lucht siúil (déantar láithreán sa chomhthéacs seo a shainmhíniú in Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 1997, arna leasú)."

*1 De réir Chaibidil 4 Alt 23, Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 – is éard atá i gceist le háitribh a mbaineann an chaibidil seo leo ná áitribh atá faoi réir comhaontú infhaighteachta cóiríochta ar cíos (RAS). De réir Alt 25 (b) d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009.

*"I gcás ina dtiocfaidh sé faoi iúl an údaráis tithíochta go bhfuil aon cheann de na nithe a shonraítear i bhfo-alt (5)(c) á dhéanamh nó déanta ag tionónta nó go bhfuil nó go raibh sé nó sí á iompar nó á hiompar féin ar shlí atá frithshóisialta de shárú ar an oibleagáid a shonraítear in alt 16(h) d'Acht 2004, féadfaidh an t-údarás tithíochta fógra a thabhairt don soláthraí i scríbhinn maidir leis an mainneachtain na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh"*

*2. De réir alt 197 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 is éard a chiallaíonn "ceannaitheoir iomchuí" ná

*a) Duine ar dhíol Údarás Áitiúil teach leo faoi Achtanna na dTithe 1966-2002 nó;*
*(b) Duine ina mbíonn leas an duine dá dtagraítear i bparagraf (a) den sainmhíniú seo sa teach dá dtagraítear sa pharagraf sin dílsithe ann/inti ina dhiaidh sin (cibé acu do luach mór nó a mhalairt agus lena n-áirítear modhanna oidhreachta)*

# Rannóg 3

# Iompraíocht Fhrithshóisialta Sainmníniú

**Déantar Iompraíocht Fhrithshóisialta (IFS) a shainmhíniú mar seo a leanas in Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 1997 arna leasú.**

(a) déantús, táirgeadh, ullmhú, iompórtáil, easpórtáil, díolachán, soláthar, seilbh chun críocha díolacháin nó soláthair, nó dáileadh drugaí rialaithe (laistigh de chiall na nAchtanna um Mí-úsáid Drugaí 1977 agus 1984)".

(b) aon iompraíocht a chúiseoidh nó is dócha a chúiseoidh rabhadh, caillteanas nó scanradh suntasach nó dainséar, damáiste, díobháil, suntasach nó comhsheasmhach, d'aon duine beo, atá ag obair nó i dteach go dlíthiúil nó cóngarach don teach sin, ar teach é arna sholáthar ag údarás áitiúil faoi Achtanna na dTithe 1966 go 2002 nó Cuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, nó eastát tithíochta ina bhfuil na teach suite nó ar láithreán agus, gan dochar don méid thuasluaite, áiríonn
  (i) foréigean, bagairtí, imeaglú, comhéigniú, ciapadh nó constaic thromchúiseach aon duine,
  (ii) iompraíocht a chúisíonn aon díobháil chomhsheasmhach don úsáid nó den taitneamh is féidir le duine a bhaint as a t(h)each, nó
  (iii) damáiste nó milleadh trí scríbhneoireacht nó marcanna eile a chur ar aon mhaoin, lena n-áirítear teach duine."

# Rannóg 4

# Bearta Do Chosc Agus Laghdú Na Hiompraíochta Frithshóisialta

## Féachfaidh an Chomhairle le hIompraícht Fhrithshóisialta a chosc agus a laghdú ar na bealaí seo a leanas:

### DEARADH EASTÁIT

Féachfaidh an Chomhairle lena chinntiú go n-ionchorprófar an cleachtas is fearr i ndearadh a eastát d'fhonn féidearthacht na hiompraíochta frithshóisialta a laghdú nó deireadh a chur leis. Oibreoidh an Chomhairle ar mhaithe le siocracha móra d'iompraíocht fhrithshóisialta a dhíothú in eastáit atá ann faoi láthair ach lánaí a dhúnadh, tithíocht inlíonta a thógáil, ráillí a chur in airde, crainn a chur, feabhas a chur ar shoilsiú poiblí agus ar aon tírdhreachú fisiceach iomchuí eile nó oibreacha feabhsúcháin eastáit.

### ÁITRIBH FHOLMHA – DEISIÚCHÁIN RÉAMHCHÍOSA

Féadfaidh áitribh fholmha Iompraíocht Fhrithshóisialta a mhealladh. Déanfaidh an Chomhairle gach iarracht an tréimhse ama atá áitreabh folamh a laghdú, agus chuige seo tabharfar tús áite d'áitribh atá aitheanta mar áitribh leochaileacha le go ndéanfaí deisiúcháin réamchíosa orthu.

### LEITHDHÁILTÍ

Déanfar gach leithdháileadh tithíochta a mheas go háirithe le haird ar rannpháirtíocht na n-iarratasóirí in iompraíocht choiriúil agus fhrithshóisialta. Áireoidh sé seo agallamh le Foireann Tithíochta na Comhairle agus iarratas foirmiúil chuig An Garda Síochána le haghaidh eolas cúlra.

### LEITHDHÁILEADH STRAITÉISEACH

Déanfar leithdháileadh straitéiseach ar thionóntachtaí de réir Scéim Tosaíochtaí Ligean ar Cíos na Comhairle. Bainfear seo amach trí ghlacadh le cur chuige íogair, ciallmhar i leith leithdháileadh na n-áitreabh le hiarrthóirí incháilithe. Féadfar úsáid a bhaint as **aistrithe** i gcúinsí ar leith chun díospóidí agus saincheisteanna comharsanachta a réiteach.

### CÚRSAÍ IONDUCHTÚCHÁIN DO THIONÓNTAÍ

Beidh sé de dhualgas ar Ábhar Tionóntaí freastal ar chúrsa ionduchtúcháin. San oiliúint ionduchtúcháin cuirfear eolas ar fáil do thionóntaí agus dá dteaghlaigh ar fhreagrachtaí an tionónta i leith na Comhairle agus na gcomharsan- mar atá leagtha amach sa Chomhaontú Tionóntachta. Tá an oiliúint seo éigeantach agus ní foláir é a chur i gcrích roimh shíniú an Chomhaontaithe Tionóntachta. Tabharfar comhairle freisin ag an gcéim seo den ghnáthamh do thuairisciú faoi Iompraíocht Fhrithshóisialta má tá siad féin thíos le hIompraíocht Fhrithshóisialta nó má fheiceann siad tarluithe den Iompraíocht Fhrithshóisialta ag titim amach. Tabharfar cuireadh do ghníomhaireachtaí áitiúla reachtúla agus deonacha e.g. na Gardaí, Altra Sláinte Poiblí, Príomhoidí Scoile, agus MABS eolas a chur ar fáil ag an oiliúint seo.

## DOICIMÉADÚCHÁN SCRÍOFA

1. Roimh shíniú an Chomhaontaithe Tionóntachta, gheobhaidh an t-ábhar tionónta lámhleabhar tionónta na Comhairle agus bileog eolais faoi Iompraíocht Fhrithshóisialta.
2. Lena chinntiú go bhfaighidh tionóntaí fadseasmhacha an t-eolas is déanaí, dáilfidh an Chomhairle an t-eolas de réir mar is gá.

## FREAGRACHT AN TIONÓNTA AGUS FORFHEIDHMIÚ AN CHOMHAONTAITHE TIONÓNTACHTA

Is cáipéis dhlíthiúil é an Comhaontú Tionóntachta a leagann amach go soiléir freagrachtaí an Tionónta. Déanfar imscrúdú ar sháruithe líomhanta den Chomhaontú Tionóntachta. I gcás go mbaineann sárú an chomhaontaithe tionóntachta le hiompraíocht fhrithshóisialta, déanfaidh an Chomhairle téarmaí an Chomhaontaithe Tionóntachta a fhorfheidhmiú de réir an ghnáthaimh arna leagan amach i Rannóg 5.

Déanfar Eadránú a thairiscint i gcás gur iomchuí é chun déileáil le díospóidí idir comharsana. Ba chóir a mheabhrú go bhféadfaidh an Chomhairle le hidirghabháil le tionóntachtaí Frithshóisialta trí mheán a Seirbhíse Coinneála Tionóntachta agus a rannpháirtíochta ar Chomhlachtaí Reachtúla éagsúla.

## AN TSEIRBHÍS COINNEÁLA TIONÓNTACHTA

I gcás go mbeidh tionóntachtaí bainteach le hIompraíocht Fhrithshóisialta, déanfaidh Seirbhís Coinneála Tionóntachta na Comhairle idirghabháil más iomchuí. D'fhéadfadh go mbeadh cúnamh, tacaíocht nó nascáil le gníomhaireachtaí agus seirbhísí eile ag teastáil ó theaghlaigh atá páirteach in Iompraíocht Fhrithshóisialta. Go minic mar thoradh ar an gcineál idirghabhála seo féadfaidh athrú a theacht ar iompraíocht bhaill an teaghlaigh. Chomh maith leis sin, tacóidh an tseirbhís seo le tionóntaí leochaileacha le go mbeadh rath ar a dtionóntacht agus baile a bhunú. Ghlac an Chomhairle Pathways to Home Model agus tá an Chomhairle tiomanta don idirghabháil luath chun easpa dídine a chosc.

## CIGIREACHT TITHÍOCHTA

Cothóidh an Chigireacht Tithíochta láithreacht láidir inár n-eastáit. Éascóidh sé seo idirghabháil laethúil le tionóntaí agus soláthróidh eolas chun dáta i ndáil leis an Timpeallacht fhisiceach sna heastáit. De bhreis air sin, beidh idirthadhall idir an Chigireacht Tithíochta agus na Gardaí sa Phobal.

## GRAIFÍTÍ A BHAINT

Leanfaidh an Chomhairle ag baint graifítí ó eastáit na Comhairle. Meastar go ligean láithreacht graifítí síos dreach na comharsanachta agus go gcuireann le timpeallacht a chruthú ina mbíonn Iompraíocht Fhrithshóisialta ar bun.

## RANNPHÁIRTÍOCHT NA NÁITRITHEOIRÍ

I gcás go nglafaidh áitritheoirí úinéireacht agus bród as a n-eastáit fásfaidh spiorad maith pobail. Cothóidh an Chomhairle rannpháirtíocht na ngrúpaí Áitritheoirí chun mórtas pobail agus bród in eastáit tithíochta na Comhairle a spreagadh. Déanfar grúpaí nua áitritheoirí a chothú, a spreagadh agus cuideofar leo i bhForbairtí nua na Comhairle – eastáit atá níos ilchineálaí ná mar a bhí riamh agus le meascán níos mó eitneach iontu.

## DIÚLTÚ ÁITREABH A DHÍOL/A CHUR AR CÍOS

Tugann Alt 14 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 1997 arna leasú, an chumhacht d'údaráis áitiúla ar fhorais na hiompraíochta frithshóisaitla nó bainistiú maith eastáit diúltú áitreabh a dhíol faoin Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí.

## Rannóg 5

# Polasaí & Gnáthaimh Chun Gearán A Dhéanamh Faoi Iompraíocht Fhrithshóisialta

**CUSPÓIRÍ NA RANNÓIGE BAINISTITHE EASTÁIT**

- Imscrúdú a dhéanamh ar gach gearán faoi iompraíocht fhrithshóisialta.
- Tionóntachtaí a chothú trí chomhoibriú le comhlachtaí reachtúla eile.
- Déantóirí na coire a chur faoi agallamh/dúshlán a thabhairt dóibh/rabhadh a thabhairt dóibh.
- Bearta coisctheacha a ghlacadh, lena n-áirítear rabhaidh i scríbhinn & ó bhéal más gá.
- Réitigh dhlíthiúla a fhiosrú más gá.

**GNÁTHAIMH CHUN DÉILEÁIL LE HIOMRAÍOCHT FHRITHSHÓISIALTA**

Féadtar dul i ngleic le fadhb na hiompraíochta frithshóisialta in áitribh an Údaráis Áitiúil agus in eastáit tithíocht an Údaráis Áitiúil ar roinnt bealaí éagsúla. **Beidh na bearta arna nglacadh ag Comhairle Contae Fhine Gall chun dul i ngleic le hiompraíocht fhrithshóisialta éagsúil ag brath ar chúinsí gach cáis.**.Tá breac-chuntas ar chumhachtaí agus ar réitigh atá ar fáil do Chomhairle Contae Fhine Gall in Achtanna na dTithe 1966-2009.

**Féadtar gearáin a dhéanamh faoi rún ar na bealaí seo a leanas:**

- Ar an teileafón le linn uaireanta oifige
- Lasmuigh d'uaireanta oifige ar an uimhir shaorfhóin 1800333444
- I scríbhinn
- Tríd an ríomhphost
- Bualadh isteach chuig Oifigí na Comhairle Contae i mBaile Bhlainséir (príomhoifigí), Sord, Baile Dhúill, Baile Brigín.
- Trí ionadaithe poiblí.

**D'fhonn cuidiú leis an gcomhairle imscrúdú a dhéanamh ar Iompraíocht Fhrithshóisialta líomhanta, bheadh sé inmhianaithe an t-eolas seo a leanas a sholáthar don Rannóg Bainistithe Eastáit:**

- Dáta agus an tarlaithe líomhanta.
- An suíomh ina bhfuil sé líomhanta gur tharla sé.
- Sonraí an tarlaithe líomhanta.
- Cibé acu an raibh an gearánaí féin i bhfianaise an tarlaithe nó ar cuireadh an t-eolas ar fáil trí thríú páirtí.
- Cibé acu ar cuireadh an tarlú líomhanta in iúl don Gharda Síochána nó nár cuireadh.
- Ainm agus seoladh dhéantóirí líomhanta na coire.

**Glacann an Chomhairle leis nach gá go mbeadh an gearánaí in ann an t-eolas go léir thuasluaite a sholáthar.**

Chun gearán nó líomhain a dhearbhú iarrfaidh an Rannóg Bainistithe Eastáit ort d'ainm agus do sheoladh agus sonraí teagmhála na ngearánaithe go léir a sholáthar. Déanfar gearáin anaithnide a imscrúdú i gcás gur féidir é.

## NÓTA EOLAIS

**Déileáiltear le gach gearán faoi rún**

Déantar gach gearán d'iompraíocht líomhanta fhrithshóisialta a imscrúdú go hiomlán agus déantar cúram leantach ar cheann de na bealaí seo a leanas, nó ar na bealaí seo a leanas go léir:

Gnáthamh Imscrúdaithe:
- Cuairt ó Chigire ón gComhairle.
- Litir chuig na Gardaí maidir leis an líomhain.
- Agallamh leis an ngearánaí.
- Agallamh le déantóirí líomhanta na coire.

Tar éis chur i gcrích an imscrúdaithe tosaigh, i gcás go gcinntear gur sáraíodh an Comhaontú Tionóntachta gníomhófar ar cheann de na bealaí seo a leanas, nó ar na bealaí seo a leanas go léir:
- Rabhadh ó bhéal
- Rabhadh i scríbhinn
- Caingean Dlí
  - Fógra Fágála
  - Ordú Eisiaimh

**NÓTA EOLAIS**: Ní bhreithneoidh an Comhairle foirceann na tionóntachta trí Fhógra Fágála ach mar rogha deiridh. Chomh maith leis sin, féadtar úsáid a bhaint as Orduithe Eisiaimh chun déileáil le tarluithe d'iompraíocht fhrithshóisialta arna ndéanamh ag an áitritheoir/na háitritheoirí san áitreabh nó ag comhthionónta. Éascaíonn sé seo freagairt spriocdhírithe ar iompraíocht fhrithshóisialta mar a ndéantar déileáil le ciontóirí ar leith agus ar an gcaoi seo seachnaítear an teaghlach iomlán a dhíshealbhú. Tá an ceart ag tionónta na Comhairle iarratas a chur isteach chuig an gCúirt Dúiche le haghaidh Ordú Eisiaimh i gcoinne duine lena n-áirítear comh-thionónta atá i mbun iompraíocht Fhrithshóisialta. Féadfaidh an tionónta cur isteach ar ordú i ndáil lena (h)áitbreabh.

I roinnt cásanna féadfaidh an tSeirbhís Coinneála Tionóntachta a lua go bhfuil tacaíocht ag teastáil ó bhaill den Tionóntacht. Déanfar seo a sholáthar de réir na ngnáthamh atá leagtha amach i Alt 4 (Coinneáil Tionóntacht).

### UIMHREACHA TEILEAFÓIN ÚSÁIDEACHA:

| | |
|---|---|
| Saorfhón | 1800 333 444 |
| Uimhreacha Teileafóin do Bhaile Átha Cliath 15: | 8905406; 5017; 5410 |
| TUimhreacha Teileafóin do Thuaisceart an Chontae: | 8905405; 5415; 5386 |

| | | |
|---|---|---|
| An Garda Siochana | An Garda Siochana | An Garda Siochana |
| Baile Bhlainséir BÁC 15 | Sord Co Átha Cliath | Baile Brigín Co Átha Cliath |
| Tel: 666 7000 | Tel: 666 4700 | Tel: 8412202 |

Ba chóir gearáin i scríbhinn a sheoladh chuig príomhoifigí na Comhairle Contae ag: Comhairle Contae Fhine Gall, An Rannóg Tithíochta, Rannóg Bainistithe Eastáit, Bóthar an Gharráin, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath Dublin 15.

# Rannóg 6

# Polasaí An Chomhoibrithe Le Comhlachtaí Reachtúla – Cur Chuige Idirghníomhaireachta

Ní féidir le Comhairle Contae Fhine Gall díothú éifeachtacht na hiompraíochta frithshóisialta a bhaint amach ag feidhmiú ina haonair. Éilíonn seo comhoibriú agus rannpháirtíocht na n-áitritheoirí, na ngrúpaí pobail, An Garda Síochána agus gníomhaireachtaí reachtúla eile.

Dá réir sin, tá an Chomhairle Contae tiomanta de obair i gcomhar le Grúpaí Áitritheoirí, (i gcás go bhfuil siad ionadaíoch & comhdhéanta i gceart), An Garda Síochána, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, An Roinn Oideachais, ionadaithe poiblí tofa, gníomhaireachtaí reachtúla eile agus roinnt comhlachtaí deonacha éagsúla, lena n-áirítear comhlachtaí deonacha tithíochta d'fhonn fadhbanna a bhaineann le hiompraíocht, fhrithshóisialta a shainaithint agus freagairt dóibh, lena n-áirítear seirbhísí alcóil, óige, sláinte agus meabhairshláinte de réir mar is iomchuí.

**GNÁTHAIMH:**

- Déanfar eolas a roinnt faoi phrótacail arna mbunú de réir na reachtaíochta reatha.
- Ó thaobh tionóntachtaí indibhidiúla nó iarratasóirí tithíochta de a bhfuil cúnamh ilghníomhaireachta de dhíth orthu, déanfaidh Seirbhís Coinneála Tionóntachta comhordú air seo thar ceann na Comhairle. I gcás go meastar gur ghé idirghabháil ilghníomhaireachta i gcásanna áirithe, déanfar comhdhálacha cásanna ilghníomhaireachta a eagrú.
- Casfaidh Rannóg Tithíochta na Comhairle le FSS trína chruinnithe míosúla Leasa Tithíochta, a chruinnithe ráithiúil leis an bhFóram Dídeanaithe, a chruinnithe démhíosúla bainistíochta agus aon fhóraim eile ar mhian leo ionadaíocht a dhéanamh ar son leas shaoránaigh na Comhairle.
- Casfaidh an Chomhairle gach mí le Foghrúpa Soláthair Thascfhórsa Drugaí Bhaile Bhlainséir agus beidh teagmháil acu le baill an fhoghrúpa i.e. Foirne Drugaí Pobail. PFCanna, RAPID, An Garda Síochána agus an tSeirbhís Promhaidh.
- Casfaidh an fóram Tithíochta Ilghníomhaireachta, atá ar bun le roinnt blianta anuas, leis an Rannóg Bainistithe Eastáit gach 6 seachtaine chun saincheisteanna tithíochta a phlé.
- Cothú agus forbairt ar dhlúthchaidreamh idir Foireann na Comhairle atá Limistéar-Bhunaithe agus Stáisiúin áitiúla na nGardaí. Cuideoidh seo le hiompraíocht fhrithshóisialta a chosc agus a laghdú. Éascóidh sé freisin freagairt ghasta, spriocdhírithe do dheacrachtaí frithshóisialta i gcás go dtiocfaidh siad chun cinn.

- Beidh oifigigh na Comhairle don limistéar agus Gardaí Pobail i láthair ag cruinnithe na gCumann Áitritheoirí i gcás gur féidir é.

- Déanfar eolas i scríbhinn a mhalartú de réir Alt 15 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 1997 arna leasú.

- Lorgófar comhairle an oifigigh um Chosc Coire de chuid na nGardaí i gcás gur iomchuí é chun cuidiú deireadh a chur le limistéir ard-iompraíochta frithshóisialta.

- Reáchtálfar agallaimh le baill den Gharda Síochána de réir mar is gá.

**I gcás roinnt mhaith den iompraíocht fhrithshóisialta thromchúiseach a tharlaíonn in Eastáit na Comhairle tá siad sa chatagóir choiriúil agus is gnó don Gharda Síochána iad. Déanann an Chomhairle naisc a thionscnamh agus a chothú leis An Garda Síochána i ndáil le tarluithe d'iompraíocht fhrithshóisialta mar seo a leanas;**

### COMHCHOISTE PÓILÍNEACHTA

De réir Alt 36 d'Acht an Gharda Síochána 2005, bunaíodh Comhchoiste Póilíneachta i bhFine Gall. An príomhról ag an gcoiste seo ná comhairle a sholáthar don Údarás Áitiúil agus do na Gardaí ar an gcaoi is fearr a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh, i ndáil le cosc a chur le coireanna, mí-ord agus iompraíocht fhrithshóisialta. Tá sé ina pholasaí ag an gComhairle páirt ghníomhach a ghlacadh i bhFóraim Phóilíneachta, trí bhallraíocht na mball sinsearach agus na gcomhairleoirí tofa.

# Rannóg 7

# Comhordú Na Seirbhísí Laistigh Den Údarás Áitiúil

Tá Comhairle Contae Fhine Gall tiomanta de comhordú a dhéanamh ar sheirbhísí laistigh dá eagraíocht féin, chun déileáil go héifeachtach críochnúil le laghdú agus cosc na hiompraíochta frithshóisialta mar seo a leanas:

- Bunú grúpaí áitritheoirí agus pobail.
- Feabhas ar theagmháil idir grúpaí agus roinnt de rannóga na comhairle.
- Comhthadhall leis na Gardaí i ndáil le IFS i bpáirceanna agus i spásanna oscailte.
- Baint an fhéir; fásra agus rosáin a chothabháil.
- Bruscar a ardú ar bhonn rialta.
- Carranna tréigthe a bhaint.
- Ceadúnú Madraí.
- Scéim Dámhachtana Pobail Níos Slachtmhaire - Déantar tathant ar gach áitritheoir agus eastát páirt a ghlacadh sa scéim seo. (Cuireann an Rannóg Bainistithe Eastáit cúnamh airgeadais ar fáil do Ghrúpaí Áitritheoirí ó eastáit na Comhairle atá sásta páirt a ghlacadh ann).
- Soilsiú sráide ar crochadh
- Rampaí a shuiteáil i gcás go n-iarrtar é
- Scéimeanna Bainistithe Tráchta

## Rannóg 8

# Bainistiú Maith Eastáit A Chur Chun Cinn

## Cúram Saoránach, Oideachas & Oiliúint, Oiliúint Saoranach

### CÚRAM SAORÁNACH

Is luach tábhachtach saoránach é an bród a bhíonn againn as ár dtithe, cuidíonn sé linn sochaí chobhsaí bháúil a chruthú. Tá an Chomhairle tiomanta de a chinntiú, a mhéid is féidir laistigh dá chumhachtaí, go mbeidh cúinsí i réim a chothóidh áitriú síochánta i ngach teach ina heastáit. Tríd an ngealltanas seo tá an Chomhairle ag brath ar roinnt comhlachtaí reachtúla a ról a imirt agus féachann an Chomhairle le comhoibriú gníomhach a fháil agus tacaíocht ó ionadaithe eastáit; ó thionóntaí agus ó úinéirí tí.

I gCairt Saoránach Fhine Gall leagtar amach go soiléir cearta na saoránach lena n-áirítear an ceart athbhreithniú a dhéanamh agus freagrachtaí an údaráis áitiúil mar chomhlacht reachtúil.

### OIDEACHAS & OILIÚINT

D'fhonn dea-chleachtas a bhaint amach i mbainistiú na seirbhíse iompraíochta frithshóisialta, tá Comhairle Contae Fhine Gall tiomanta do chur i bhfeidhm polasaí oiliúna agus forbartha don fhoireann go léir a bhíonn ag obair sa réimse seo.
Féachann an oiliúint seo le cur chuige comhtháite ildisciplíneach a bhaint amach i soláthar gach gné den tseirbhís iompraíochta frithshóisialta agus éascú a dhéanamh ar idirghníomhú na foirne le gach rannóg eile de sheirbhísí an údaráis.

### OILIÚINT SAORÁNACH

Cuirfidh an Chomhairle oiliúint & forbairt ar fáil do choistí áitritheoirí chun cuidiú leo grúpa rathúil a reáchtáil, tuiscint a fháil ar róil cheannaireachta agus eolas a fháil i ndáil leis an gcaoi a n-oibríonn eagraíochtaí reachtúla.

### IARNÓTA

**Cuireann an straitéis seo bunús ar fáil do chur chuige comhtháite le dul i ngleic leis na dúshláin a eascraíonn ón iompraíocht fhrithshóisialta. Dá chur i bhfeidhm ní foláir díograis agus dúthracht ó gach páirtí leasmhar, idir reachtúil agus neamhreachtúil, i réimse na tithíochta.**